

❁ An Lúibín ❁

17 Nollaig 2011

Cré na Cille mar ríomhleabhar

Tá Máirtín Ó Cadhain, laoch colgach ár litríochta, ar ais againn. Tá *Cré na Cille*, a mhórshaothar, ar fáil anois ar mór-ríomhléitheoirí ar nós Amazon Kindle agus Sony Reader. An bunleagan atá i gceist, ceann a tháinig amach den chéad uair sa bhliain 1949 agus léaráidí ann le Charles Lamb. Is féidir é a cheannach ó mhórdhíoltóirí idirnáisiúnta.

Cló Iar-Chonnacht an foilsitheoir, agus tá roinnt ríomhleabhar eile ullmhaithe acu – saothair de gach saghas:

- *Rogha Scéalta* (Pádraic Ó Conaire)
- *Ó Chósta go Cósta* (Frank Reidy)
- *Máirtín Ó Direáin: Na Dánta*
- *An Fear a Phléasc* (Micheál Ó Conghaile)
- *Scread Mhaidne* (Joe Steve Ó Neachtain)
- *Buille Marfach* (Anna Heussaff)

Deireadh leis an gCoimisinéir?

Tá an rialtas socair faoi láthair ar dheireadh a chur le hOifig an Choimisinéara Teanga mar oifig neamhspleách. Cuid d'athchóiriú na hearnála poiblí é seo, ach ní rud é a rinneadh gan lochtú géar a tharraingt: maíodh dá gcuirfí oifig an Choimisinéara isteach le hoifig an Ombudsmann (mar atá á mholadh), gur Béarlóir a cheapfaí don phost, luath nó mall, agus go sciosfaí oifig chosanta na Gaeilge.

Tháinig sé sin go léir d'athbhreithniú poiblí ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, athbhreithniú a bhfuil dlúthbhaint ag feidhmeanna Oifig an Choimisinéara Teanga leis. Ceapadh agus athcheapadh Seán Ó Cuirreáin ina Choimisinéir Teanga, agus tá dreamanna ann, gan amhras, nach mbeadh mishásta ar fad dá maolófaí a chuid monatóireachta ar chomhlachtaí poiblí. Baineann a chuid dualgas le hiarracht fhadtréimhseach an Stáit an teanga a chur chun cinn sa saol mór, iarracht ar theip uirthi minic go leor (Údarás na Gaeltachta, éigeantas sna scoileanna, agus a lán miontubaistí eile). Bhí éifeacht riamh leis an gCuirreánach, ach b'fhurasta a bheith amhrasach faoin rath a d'fhéadfadh a bheith ar an mbeartas féin. Bhí pobal na Gaeilge (pé hiad féin) sásta, cé gur admhaigh cuid de na díograiseoirí féin nárbh threisede an teanga aistriúcháin dholéite a dhéanamh. Tar éis an tsaoil, áfach, ní mór don Ghaeilge agus dá dúchas a bheith le fáil áit éigin i lár an aonaigh, i measc lucht díolta na gcapall agus na gcabáistí.

Rud eile de: tá sé ráite go mbeidh costas breise ar an státchiste agus an fhoireann reatha á n-aistriú chun Oifig an Ombudsman i mBaile Átha Cliath. Coigilt gan chiall, agus b'fhéidir go ndéanfaí athchomhairle fós.



Eagraíochtaí

Eagraíochtaí – comhartha sóirt na Gaeilge. Is annamh moladh ar siúl acu, cé nach raibh moltaí de dhíth orthu riamh. Iad ag cáineadh, ag lochtú, ag gearán, ag bailiú, ag tógáil agus ag leagan.

Is é Conradh na Gaeilge an ceann is sine acu – ‘fóram daonlathach phobal na Gaeilge,’ mar a thugann sé air féin, agus os cionn 200 craobh aige. Sa bhliain 1893 a bunaíodh é, agus díograis ina chuid ball i gcónaí. Bíonn Conraitheoirí go maith chun a ngort áitiúil féin a shaothrú agus súil a choinneáil ar an bhfearann náisiúnta chomh maith. (Ba dhóigh leat uaireanta, agus eadrainn féin, go raibh cearta stairiúla dilseánaigh aige ar an teanga.) Is beag áit in Éirinn nach bhfaighfeá ranganna dá chuid (mar léiriú ar mhí-éifeacht na Gaeilge éigeantaí). Bhí an Conradh i mbuaic a réime i dtús an fichiú haois: ní dheachaigh sé riamh i neart thairis sin. Mar sin féin, is fada go rachaidh sé i léig.

Tá saineagraíochtaí ann a tháinig ar an bhfód le déanaí. Guth na Gaeltachta, mar shampla, dream a fáisceadh as Gaoth Dobhair sa bhliain 2009 agus iad ag reáchtáil cruinnithe poiblí ó shin. Ag snámh in aghaidh easa atá siad ar dhá shlí – iad ag iarraidh na ciorruithe is déanaí a mhaolú agus an Ghaeltacht a neartú. Dream neamhpholaitiúil iad, daoine fiúntacha nár chaill a n-uchtach – fós: www.guthnag.ie.

Dream de shaghas is ea na Gaeil Óga agus dlúthbhaint acu le CLG i mBaile Átha Cliath – fir óga ar breá leo a gcuid spóirt a imirt trí Ghaeilge. ‘Meascán iontach’ atá iontu, mar a dúradh le déanaí in agallamh le cuid acu ar *Glór Anoir* (RnaG) – daoine de gach saghas as gach cearn. Fir amháin, ar ndóigh.

Tháinig a lán eagraíochtaí le chéile chun Aontas Phobal na Gaeilge (APG) a bhunú. Tá suim aige i ndul chun na Gaeilge in Éirinn agus thar lear. Tá sé déanta de chúig dreamanna eile - Comhaltas Uladh, Comhluadar, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael agus Seachtain na Gaeilge: eagraíocht na n-eagraíochtaí, mar sin, agus í deacair le sárú ina cáilíocht féin. Ba mhaith leo, ar aon chuma, feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí agus luach an airgid a fháil. Tá an méid sin le moladh, ar a laghad.



Ciorrú ar an aer

Táthar ag teannadh ar Raidió na Gaeltachta, rud nach féidir a sheachaint, ar ndóigh, ar uair seo na práinne. Tá ciorruithe á ndéanamh. Is dócha, mar shampla, gur fada nach gcloisfear *Scéalta na Cruinne* go ceann tamaill - clár an-suimiúil a bhailíonn ábhar ó Ghaeilgeoirí ar fud an domhain. Ach tá leascheannaire nua ag an stáisiún - Rónán Mac Con Iomaire, fear a fáisceadh as an gCeathrú Rua agus a deir gurb é an rud is tábhachtaí caighdeán an tsoláthair a chinntiú d’ainneoin na ndeacrachtaí. Fear measartha óg é ach tá cuimhne aige ar stair an stáisiúin – daichead bliain de chraoltóireacht – agus ba dheacair dó gan focal an mhisnigh a rá.

Cé éistean le RnaG? Muintir na Gaeltachta (nó cuid díobh – an dream meánaosta, b’fhéidir); cuid bheag de Ghaeilgeoirí na cathrach; agus roinnt den dream thar lear. Is mór an rud é a leithéid a bheith le fáil ar an Idirlíon do dhaoine san Astráil nó i Meiriceá Thuaidh nach mbeadh de dheis acu mórán den teanga a chloisteáil gan í. Ach tá an Ghaeltacht féin ag tanú agus a rian sin ar an bhfoireann – cuid acu ina gcainteoirí traidisiúnta, cuid eile ina gcainteoirí cathrach, agus an difríocht chéanna le haithint ar a gcuid clár. Ní deacair an dá shaghas Gaeilge a aithint thar a chéile ach oiread, agus is iomaí Gaeilgeoir líofa nach dtuigeann ach an chuid is lú de chaint Chorca Dhuibhne.

Beidh RnaG ann go fóill (ba dheacair aon rud eile a chur ina áit) ach ní féidir leis teacht slán ar fad. Tá an díospóireacht is bríomhaire le déanamh fós – díospóireacht faoin saghas lucht éisteachta a bheidh ann i gceann glúin eile, nuair a bheidh ciall eile ar fad leis an bhfocal ‘Gaeltacht’.

Féach agus éist le www.rte.ie/rmag.



Loch Con

Thiar i gContae Mhuigh Eo atá Loch Con le fáil. Loch mór é a bhfuil clú na mbreac agus an mbradán air, agus cúpla míniú sa dinseanchas ar a ainm. Seo ceann díobh as sraith dánta Meán-Ghaeilge atá le fáil i roinnt lámhscríbhinní iomráiteacha.

Bhí muc mhór in aice le Loch Con fadó, agus tháinig conairt fhraochmhar sa tóir air ‘trí gach dairbhre dheacair’ - conairt a thug ruathar as na hoileáin le gáir agus le hamhastraíl chraosach, agus a tháinig suas lena gcreach láimh le túr Thuirbhe.

*A hinsib Mod muirech,
co ngibsib gol nginach,
tucsat a rith robalc
in chonart dia n-ilach.*

*Conart Mod cen meirbe,
tomalt im thor Tuirbe,
engsat in muicc maigne
dar cach ndairbre nduilge.*

Theith an mhuc rompu agus chuaigh isteach sa loch. Lean an chonairt í agus bádh méid gan áireamh de na cúnna:

*Luid rempu 'sin loch-sa,
tuc tenntu don tur-sa:
lasin muicc, mó áirmit,
robáidit fon mbrug-sa.*

Chuaigh an mhuc ‘in inse an locha’ agus an méid sin déanta aici: ‘ghabh sí i só seilbhe í, b’áit chónaithe shíoraí di an fhaiche’.

*Luid i n-indsi in locha,
feib rochind-si a catha:
rosgab i sód seilbe:
ba nóđ feidle in fatha.*

Ina dhiaidh sin, más fíor don seanchas, thugtaí ‘loch na gcon’ (i.e. loch na gcúnna) ar an áit.

Má tá an buntéacs iomlán uait, in éineacht le haistriúchán Béarla, tá sé le fáil ag:

<http://celt.ucc.ie/published/G106500C/index.html>: dán 74, *Loch Con*.



Teachtaireacht an Aingil

Mar is eol do chách, níl scéal iomlán na Nollag le fáil in aon soiscéal amháin; tá sé scaipthe ina bhlúirí. Cuid de ag Matha (na trí draoithe, an teitheadh ón Éigipt) agus an chuid eile ag Lúcas; meascán d’aisling, d’fhinscéalaíocht agus d’iontas. Ní bhacann Eoin agus Marcas le tús an scéil in aon chor: tagann Íosa chugainn ina fhear agus ina fháidh, é ag fógairt na ríochta atá le teacht, mar a rinne Eoin Baiste roimhe.

Uilleam Ó Domhnaill a sholáthair an leagan Gaeilge den Tiomna Nua go luath sa 17ú haois; saothar atá inchomórtais le Bíobla Rí Séamas, cé nach ndeachaidh sé i bhfeidhm ar an nGaeilge mar a chuaigh an leagan Béarla i bhfeidhm ar theanga na Sasanach. Bhí tóir ar an mBíobla Naofa ag Caitlicigh agus ag Protastúnaigh araon air sa chéad chuid den 19ú haois, an tréimhse dheireanach a raibh an Ghaeilge fhíorbheo. Seo Lúcas, Caibidil 1, 36-38 – Teachtaireacht an Aingil do Mhuire, agus í sa seanlitríú.

26. Agus an sa seisíodh mí, do cuireadh an taingeall Gabriel ó Dhia go cathruigh don Ghalilé, dár bainm Násaret,
27. Dionnsighe óighe ar a raibh ceart ag fear do thigh Dháibhí, dár ainm Ióseph; agus do bé do bainm do nóigh, Muire.
28. Agus ar ndul a sdeach dá hionnsuighe do naingéal, a dubhairt se, Dia do bheatha a ógh roghrásamhuil: a tá an Tighearna maille riot: is beannuighe thú eidir na mnáibh.
29. Agus an tan do chonnaic sí é, do bhí sí ar na búaidhreadh fá na bhriathraibh agus do bhí sí ag smúaineadh créd an ghné bheannughtheaso.
30. Agus a dubhairt an taingeal ría, Ná biodh eagla ort, a Mhuire : óir fúair tú grása ó Dhía.
31. Agus, féuch, bíaidh tú torrach ad bhruinn, agus béaraidh tú mac, agus do bhéara tú ÍOSA dainm air.
32. Bíaidh se mór, agus goirfidhear Mac an té is airde dhe: agus do bhéura an Tighearna Día caithír Dháibhí, athar féin dhó.
33. Agus bíaidh sé na rígh ar thigh Iacob go bráth; agus ní bhía deireadh ar a ríoghachd.
34. Agus a dubhairt Muire ris a naingéal, Cionnas bhías so, óir ní bhfuil fios fir agamsa?
35. Agus ar bhfreagra do naingéal a dubhairt se ría, Tuirléonguidh an Spiorad Náomh ort, agus foiléochaidh cumhachda an té as Airde thú: uime sin an ní náomhtha bhéaras tú goirfighear Mac Dé dhe.
36. Agus, féuch, Elísabet do shiur, a tá sisi leis torrach air mhac ann a hárrsuigheachd: agus is sé so an seisíodh mí don mhnáoi úd, dá ngoirthear bean aimrid.
37. Oír ní bhía ní ar bith doidhéunta do Dhía.
38. Agus a dubhairt Muire, Féuch, banóglach an Tighearna; teagmhadh dhamhsa do réir do bhréithrisi. Agus do imthigh an taingeal úaithe.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Deireadh leis an gCoimisinéir?

Tá Rialtas na hÉireann ag smaoineamh ar dheireadh a chur le hOifig an Choimisinéara Teanga mar oifig neamhspleách. Tá an post le nascadh le hoifig an Ombudsmann. Tá mórán daoine míshásta leis seo. Is dócha gur Béarlóir a cheapfar¹ do phost an Ombudsmann, luath nó mall, agus go sciosfar oifig chosanta na Gaeilge.² Chomh maith leis sin, beidh sé costasach an fhoireann a aistriú.

Tharla seo toisc go ndearnadh athbhreithniú³ poiblí ar Acht na dTeangacha Oifigiúla. Admhaítear go bhfuil obair mhaith déanta Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, ach b'fhéarr le daoine éigin gan monatóireacht chomh dian sin a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí i gcúrsaí Gaeilge.⁴

Baineann obair an Choimisinéara le hiarracht an Stáit⁵ an teanga a chur chun cinn, cé nach cinnte go mbeidh rath ar an iarracht sin. Tá pobal na Gaeilge ag tacú leis an gCoimisinéir. Ní mór don Ghaeilge⁶ áit a bheith aici i saol an domhain mhóir.

Ciorrú ar an aer

Tá ciorruithe⁷ á ndéanamh ar Raidió na Gaeilge. Is dócha, mar shampla, go dtiocfaidh deireadh le *Scéalta na Cruinne*, clár an-suimiúil a bhailíonn ábhar ó Ghaeilgeoirí ar fud an domhain. Ach tá leascheannaire nua ag an stáisiún a deir gurb é an rud is tábhachtaí caighdeán an tsoláthair a chinntiú⁸ d'ainneoin na ndeacrachtaí.

Cé éistean le Raidió na Gaeltachta? Muintir na Gaeltachta, Gaeilgeoirí na cathrach, agus daoine thar lear. Tá an stáisiún le fáil ar an Idirlíon (www.rte.ie/rnag) agus is mór an áis do Ghaeilgeoirí san Astráil nó i Meiriceá Thuaidh é, gan trácht ar⁹ áiteanna eile. Tá foireann mheasctha aige, idir chainteoirí traidisiúnta agus chainteoirí cathrach, agus tá an difríocht chéanna le haithint¹⁰ ar a gcuid clár.

Tá an díospóireacht is bríomhaire¹¹ le déanamh fós – díospóireacht faoin saghas lucht éisteachta a bheidh ann i gceann glúin eile, nuair a bheidh ciall eile ar fad leis an bhfocal 'Gaeltacht'.

¹ Ceap – appoint (to – do)

² Oifig chosanta na Gaeilge – office for the defence of Irish

³ Athbhreithniú - review

⁴ I gcúrsaí Gaeilge – in matters to do with Irish

⁵ Iarracht an Stáit – the State's attempt

⁶ Ní mór don Ghaeilge – Irish must

⁷ Ciorruithe - cuts

⁸ A chinntiú – to ensure

⁹ Gan trácht ar – not to mention

¹⁰ Le haithint – to be seen ('recognised')

¹¹ Is bríomhaire - liveliest